Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

SCOILEANNA SEIRBHÍSÍ BREISE – TÓGÁIL AR AN DEA-CHLEACHTAS

Uimhir Chiorcláin:
2010/21

Dáta Eisiúna:
12 Samhain 2010

Sprioclucht léitheoireachta:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí a fhaigheann maoiniú ó Chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise
- Boird Oideachais agus Leabharlainne
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Cumann na mBord Rialaithe

Feasacht Ghobharnóirí:
Mar eolas

Achoimre ar an Ábhar:

Is éard atá sa Chiorclán seo treoir uasdátaithe le haghaidh Príomhoidí agus Bord Gobharnóirí maidir le clár na Scoileanna Seirbhísí Breise.
Tá le fáil chomh maith ann treoir dea-chleachtais maidir le soláthar na seirbhísí breise i naíscoileanna, i scoileanna speisialta, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá i dteideal maoinithe faoi Chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise.

Iarscríbhinn A - Táscairí de chuid na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (ETI) um Chleachtas Éifeachtach i Scoileanna Seirbhísí Breise ina dtugtar achoimre ar airíonna na Scoileanna Seirbhísí Breise agus lena léirítear an dul chun cinn atá déanta ó eisíodh tuairiscí níos luaithe de chuid ETI.

Iarscríbhinn B – Sonraí teagmhála na mBord Oideachais agus Leabharlainne (na Boird) maidir le Scoileanna Seirbhísí Breise.

Stádas an Ábhair:
Eolas agus treoir le haghaidh scoileanna

Doiciméid Bhainteacha:
Scoileanna Seirbhísí Breise – scoileanna, teaghlaigh, pobail ag comhoibriú

Doiciméid Chealaithe
N/B

Dáta Éaga:
N/B

Fiosrúcháin:

Cuirtear aon fhiosrúcháin mar gheall ar ábhar an Chiorcláin seo chuig:

Ms Fiona Hood
Foireann um Óige agus Scoileanna sa Phobal
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co. an Dúin
BT19 7PR

Suíomh Gréasáin na RO:
www.deni.gov.uk

Teil: 02891 279838
Facs: 02891 279100

E-Mail:
fiona.hood@deni.gov.uk

Cóipeanna Breise:
Teil: 02891 279838

SCOILEANNA SEIRBHÍSÍ BREISE – TÓGÁIL AR AN DEA-CHLEACHTAS

Clár an Ábhair	**Leathanach**
Intreoir	1
Cad is Scoil Seirbhísí Breise ann?	2
Incháilitheacht	3
Measúnú na Scoileanna Seirbhísí Breise	3
Córais Eolais Scoileanna Seirbhísí Breise Thuaisceart Éireann	5
Braisliú	5
Todhchaí Chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise	6
Maoiniú	7
Cuidiú agus Tacaíocht	8
IARSCRÍBHINN A - Táscairí ETI um Chleachtas Éifeachtach i Scoileanna Seirbhísí Breise	9
IARSCRÍBHINN B –Teagmhálacha sna Boird	34

INTREOIR

1. Foilsíodh an doiciméad polasaí um Scoileanna Seirbhísí Breise, *Scoileanna Seirbhísí Breise: scoileanna, teaghlaigh, pobail – ag comhoibriú* sa bhliain 2006 agus leagadh amach ann an fhís le haghaidh scoileanna seirbhísí breise i dtuaisceart na hÉireann. Is éard is aidhm leis an Chiorclán seo an fhís sin a athnuachan, samplaí de dhea-chleachtas a forbraíodh a scaipeadh, agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt maidir le forbairtí ar eolas bainisteoireachta.

2. Rinneadh na tosaíochtaí straitéiseacha don oideachas a leag an Roinn síos a shaindíriú ar na heochairchuspóirí seo a leanas; ardú caighdeán do chách, an bhearna a dhruidim ó thaobh na feidhmíochta de agus cur le rochtain agus le cothromas. Gach Scoil ina Scoil Mhaith – polasaí le haghaidh feabhsúchán scoile (GSiSM) an t-ainm a tugadh ar pholasaí uileghabhálach na Roinne chun caighdeáin a ardú agus chun tabhairt faoi fhadhb na tearcghnóthachtála. Spreagtar gach scoil, leis seo, chun áit lárnach a thabhairt don chothromas agus d'ardú na gcaighdeán ina gcuid féinmheastóireachta agus ina gcuid pleanála le haghaidh feabhsúchán. Cuirtear síos in GSiSM gurb iad na 4 thréith atá ag scoil mhaith ceannaireacht éifeachtach, soláthar páiste-lárnaithe, teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán, agus scoil atá fréamhaithe sa phobal áitiúil. Luaitear go sonrach ann sainghníomhartha chun leanúint leis an tacaíocht do na scoileanna sin atá ag freastal ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste chun freagairt do riachtanais a gcuid daltaí agus an phobail áitiúil trí chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise.

3. Le Scoileanna Seirbhísí Breise, táthar ag cuidiú le réadú fhís na Roinne cinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir lánacmhainneacht amach ag gach céim den fhorbairt. Le polasaí na Scoileanna Seirbhísí Breise, cuirtear ar chumas na scoileanna sin a dtéann daltaí chucu ó na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste, réimse de sheirbhísí agus de chláir a sholáthar lasmuigh den lá traidisiúnta scoile le freastal ar riachtanais na ndaltaí, a dteaghlaigh agus an mhórphobail. Tá béim shoiléir i gclár na Scoileanna Seirbhísí Breise ar fheabhsú thorthaí an oideachais, ar laghdú na mbacainní roimh an fhoghlaim agus ar bhreisthacaíocht a sholáthar mar iarracht ar na deiseanna sa saol a fheabhsú do pháistí agus do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste.

CAD IS SCOIL SEIRBHÍSÍ BREISE ANN?

4. Bíonn Scoil Seirbhísí Breise éifeachtach ag comhoibriú i gcomhpháirt leis na scoileanna eile máguaird agus le réimse d'eagrais reachtúla, dheonacha agus phobalbhunaithe chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí a thairiscint le tacú le páistí agus le daoine óga agus lena spreagadh chun lánacmhainneacht a bhaint amach.
Ar na gníomhaíochtaí seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh:

- Gníomhaíochtaí fóirsteanacha dírithe ar ardú na gcaighdeán i bhfeidhmíocht na ndaltaí;
- Rochtain an phobail ar shaoráidí na scoile;
- Poibliú na ndeiseanna neamhfhoirmeálta oideachais agus rochtain orthu; agus
- Tacaíocht do thuismitheoirí agus deiseanna foghlama fadsaoil.

5. Is éard is príomhfheidhm ag Scoil Seirbhísí Breise caighdeáin a ardú trí sheirbhísí tacaíochta spriocdhírithe a sholáthar lena gcuirfear béim ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar dhul chun cinn. Cuirtear na hacmhainní breise ar fáil leis an bhrú i dtreo uasmhéadú na foghlama agus na gnóthachtála a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú do na páistí agus do na daoine óga sin is mó atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil baol ann nach bhfeidhmeoidh siad go maith san oideachas. Áirítear anseo an mhuintir sin a bhfuil riachtanais iompair, mhothúchánacha nó sláinte acu nó deacrachtaí eile nach iad.

6. Bíonn an cheannasaíocht agus an fhís atá le fáil ón Phríomhoide agus ón fhoireann ríthábhachtach ó thaobh rathúlacht na Scoileanna Seirbhísí Breise de sa mhéid is go mbíonn orthu sainriachtanais na ndaltaí, na dtuismitheoirí agus an mhórphobail a shainaithint agus freagairt go héifeachtach le freastal ar na riachtanais sin. Aithníonn an RO go bhféadfadh sé nach mbeadh scoileanna in ann é seo a dhéanamh leo féin agus gurbh fhéidir go mbeadh orthu sochar a bhaint as seirbhísí áisíneachtaí nó comhlachtaí seachtracha. Cinntítear leis an pholasaí seo go mbíonn scoileanna in ann comhpháirtíocht éifeachtach a bhunú, agus sochar a bhaint as an chomhpháirtíocht seo, le seirbhísí reachtúla eile amhail lucht Sláinte, earnáil na hÓige agus eagrais áitiúla dheonacha agus phobail eile a bhíonn ag obair go dlúth le páistí agus le teaghlaigh.

7. Thig leis na Scoileanna Seirbhísí Breise seirbhísí a sholáthar go díreach mar iarracht chun leibhéil ghnóthachtála a ardú chomh maith lena chur ar chumas páistí agus an teaghlaigh acu teacht ar thacaíocht fhóirsteanach nó speisialaithe chun aon dúshláin a

shárú a bhféadfadh sé go n-eascródh tearcghnóthachtáil astu. Le linn an phróisis phleanála, ba cheart do Scoileanna Seirbhísí Breise béim a chur ar lárnacht an pháiste féin maidir le cur chuige na scoile i leith na seirbhísí breise a sholáthraítear le freastal ar shainriachtanais an pháiste sin. Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint ann idir seirbhísí breise agus feabhsú inbhuanaithe na scoile, bíonn sé ríthábhachtach go léirítear pleananna gníomhaíochta maidir le Seirbhísí Breise laistigh den Phlean Forbartha Scoile.

INCHÁILITHEACHT

8. Tá an clár spriocdhírithe le tacú le páistí agus le daoine óga, a bhféadfadh sé, de dheasca míbhuntáiste, go mbeadh níos mó bacainní roimh an fhoghlaim acu agus ar dhóchúla go ndéanfadh siad tearcghnóthachtáil. Bíonn gach naíscoil, bunscoil, scoil speisialta agus iar-bhunscoil a chomhlíonann na critéir seo a leanas incháilithe faoin chlár agus i dteideal maoiniú breise chun seirbhísí breise a sholáthar:-

- 51% nó níos mó den rollachán ag teacht ó Limistéir Athnuachana Comharsanachta agus/nó ón 30% de na bardaí is díothaigh/Limistéir Sár-Aschuir; agus/nó
- 37% nó níos mó de dhaltaí i dteideal Béile Saor Scoile nó i gcás na naíscoileanna, Liúntas Cuardaitheora Poist ioncambhunaithe ag 37%nó os a chionn .

9. Is féidir teacht ar bhreiseolas tríd an nasc thíos ar na scoileanna a fhaigheann maoiniú faoi láthair agus ar na socruithe bainistithe airgeadais a bhaineann le húsáid agus le bainistiú na n-acmhainní faoi Chlár na Seirbhísí Breise:
www.deni.gov.uk/index/85-schools/03-schools_impvt_prog_pg/extended-schools-programme-2009-2010.htm

SCOILEANNA SEIRBHÍSÍ BREISE - MEASÚNÚ

10. Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) *An Evaluation of Extended Schools 2010* a fhoilsiú, ina léirítear na feabhsúcháin atá le sonrú ó chéadfhoilsigh an ETI tuairiscí eile agus tugtar ann samplaí léiritheacha den dea-chleachtas. Tá torthaí an tsuirbhé bunaithe ar fhianaise den dea-chleachtas éifeachtach ó scoileanna a shainaithin Cigirí Ceantair agus oifigigh de chuid na mBord Oideachais agus Leabharlainne. Tugadh cuairteanna ar 20 scoil. Sainaithníodh sa tuairisc trí phríomhréimse ina bhfuil gá le feabhsúcháin:-

a. leabú na pleanála um Seirbhísí Breise i bPleananna Forbartha Scoile;
b. an méid a dhéantar maidir le sainaithint na bhfoghlaimeoirí is mó a bhfuil cuidiú de dhíth orthu agus díriú ar na foghlaimeoirí sin agus uasmhéadú thionchar féideartha na Seirbhísí Breise chun 'an bhearna a dhruidim'; agus
c. breithmheas na scoile ar thionchar na Seirbhísí Breise – lena léiriú cén dóigh a bhfuiltear ag ardú caighdeán leis na gníomhaíochtaí agus/nó na seirbhísí.

11. Aibhsíodh i suirbhé an ETI go bhfuil na buanna a tuairiscíodh in 2009 go fóill ann agus go bhfuil fianaise ann d'fheabhsúchán suntasach breise ó shin sa mhéid seo a leanas:-

- I ngach cás, nach mór, áit a bhfuil Scoil Seirbhísí Breise ag freastal go héifeachtach ar phobal atá faoi mhíbhuntáiste, is léir feabhsúcháin suntasacha ó thaobh thorthaí an oideachais agus leas pearsanta agus sóisialta na ndaltaí de.
- Is minic gníomhaíochtaí sna Scoileanna Seirbhísí Breise ag cur le saol na dtuismitheoirí agus ag cuidiú leo teagmháil a dhéanamh in athuair leis an oideachas, in ainneoin aon drocheispéireas nó braistintí a bhí acu féin ar scoileanna.
- Cé go raibh na scoileanna a bhí bainteach leis an suirbhé tiomanta agus gníomhach cheana maidir le dul i ngleic leis an mhíbhuntáiste agus le díothú na mbacainní roimh an fhoghlaim, is amhlaidh gur cuireadh ar a gcumas leis na hacmhainní ó Chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise bheith níos solúbtha, níos cruthaithí agus níos éifeachtaí ó thaobh fheabhsú an tsoláthair agus ardú na gnóthachtála de.
- Tá curtha ag scoileanna leis an chumas atá acu feabhsúcháin i bhfoghlaim na ndaltaí a léiriú.
- Sna samplaí den sárchleachtas a breathnaíodh, is léir go mbíonn clár na Scoileanna Seirbhísí Breise rathúil go háirithe in athrú na ndeiseanna sa saol atá ag daltaí aonair, ag tabhairt luach ar airgead dá réir.

12. Leagtar amach i measúnú an ETI na saintréithe den chleachtas éifeachtach (agus de chleachtas nach raibh chomh héifeachtach) sna Scoileanna Seirbhísí Breise faoi na ceannteidil Ceannasaíocht agus Bainisteoireacht, Caighdeán an tSoláthair agus Gnóthachtáil agus Caighdeáin. Cé go mbaineann na léirshamhlacha de na tréithe go sainiúil leis na Scoileanna Seirbhísí Breise, tá siad ag teacht go mór leis na táscairí atá leagtha amach sa cháipéis de chuid an ETI 'Le Chéile i dtreo an Fheabhsúcháin' lena

chinntiú go mbíonn comhleanúnachas ann ó thaobh féinmheastóireacht na scoileanna de. Tá na táscairí seo le sonrú in Iarscríbhinn A.
Tá san áireamh i dtuairisc measúnaithe an ETI chomh maith samplaí de Chás-Staidéir Dea-Chleachtais agus is féidir an tuairisc iomlán a fháil ach dul chuig www.etini.gov.uk .

CÓRAIS EOLAIS SCOILEANNA SEIRBHÍSÍ BREISE THUAISCEART ÉIREANN (NIESIS)

13. Le trí bliana anuas tá na córais bainistithe agus tuairiscithe atá bainteach le clár na Scoileanna Seirbhísí Breise á riar ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne. Thig le scoileanna a gcuid pleananna gníomhaíochta a iontráil ar líne tríd an suíomh gréasáin www.niesis.org agus thig leis an Ghrúpa Bainistithe Tionscadail athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna ar líne agus ceisteanna a sheoladh ar ais go díreach chuig na scoileanna trí ríomhphost le linn an phróisis mheasúnaithe. Tá foireann uirlisí ar fáil ar NIESIS a ndearnadh í a dhearadh le tacú le scoileanna maidir le forbairt, le comhordú agus le measúnú chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise agus is féidir teacht chomh maith, trí NIESIS, ar réimse de chás-staidéir lena n-aibhsítear an dea-chleachtas agus ar ábhair threoracha lena gclúdaítear réimse de cheisteanna, mar shampla, tacaíocht do theaghlaigh, forbairt braislí agus foghlaim sa phobal.

14. Rinneadh na cás-staidéir a rangú sna haicmí seo a leanas:

- Laghdú na tearcghnóthachtála;
- sláinte, leas agus cuimsiú sóisialta a chothú;
- cur le deiseanna sa saol; agus
- seachadadh na tacaíochta agus na seirbhísí do pháistí agus do dhaoine óga a chomhtháthú.

Ba cheart do scoileanna mar aon le soláthróirí eile an suíomh gréasáin a úsáid d'fhonn an soláthar a chuireann siad ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga, do scoileanna, do theaghlaigh agus do phobail a fheabhsú agus a fhorbairt.

BRAISLIÚ

15. Thig le scoileanna braisle a dhéanamh le 2 scoil eile nó níos mó chun teacht ar 15% d'acmhainní breise mar chuid de liúntas gréasáin. Rinneadh an dreasacht seo a dhearadh chun na tairbhí a bhaineann le comhroinnt na n-acmhainní agus na saoráidí a réadú, rud ar

féidir go n-eascródh réimse níos mó de dheiseanna do dhaltaí amach as. Ar an ábhar seo, mholfadh an Roinn go láidir go mbeadh Scoileanna Seirbhísí Breise ag obair i gcomhpháirt le scoileanna eile mar chuid de bhraisle. Ba cheart do bhainistíocht an bhraisle a chinntiú go gcuirtear gach eolas ábhartha ar thionscnaimh agus ar cháir atá á reáchtáil cheana sa cheantar san áireamh chun aon dúbláil nó díláithriú nach bhfuil gá leis a sheachaint. Tá treoir ar fáil maidir le bunú, le cur i bhfeidhm agus le bainistiú braislí ar shuíomh gréasáin NIESIS.

TODHCHAÍ CHLÁR NA SCOILEANNA SEIRBHÍSÍ BREISE

16. Bíonn rathúlacht an chláir ag brath ar phleanáil éifeachtach na scoileanna i gcomhair le Comhordaitheoirí de chuid na mBord Oideachais agus Leabharlainne atá in ann cuidiú le scoileanna na seirbhísí breise a phleanáil trí tacaíocht agus comhairle a sholáthar ar réimse de cheisteanna. Tá aibhsithe leis an dea-chleachtas go mbíonn le sonrú sna cláir is éifeachtaí:-

- Soláthar mapáilte maidir le sonraíocht agus anailís riachtanas;
- Pleananna comhtháthaithe le soláthar eile amhail an tseirbhís óige, sláinte, athnuachan comharsanachta agus caidreamh pobail;
- Rannpháirtíocht ghníomhach sa bhraisle chun comhroinnte an tsoláthair agus an tsaineolais a chur chun cinn idir scoileanna agus cur chun cinn chomhoibriú trasphobail aon áit ar féidir; agus
- Teagmháil leis an earnáil dheonach agus phobail chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sheachadadh le go dtiocfadh leis an scoil cur lena n-acmhainn.

17. Bíonn ceannasaíocht éifeachtach riachtanach maidir le forbairt chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise. Bíonn ról ríthábhachtach le himirt ag ceannairí scoile maidir le hionchas ard a chruthú agus a chothú do pháistí agus le bheith ag tacú leo le go mbainfidh siad lánacmhainneacht amach. Tá freagracht ar leith acu a chinntiú go bhfuil áit lárnach ag na seirbhísí breise sa phlean forbartha scoile agus a chinntiú go n-aithnítear an tionchar féideartha a bhíonn ag na seirbhísí breise ó thaobh ardú na gcaighdeán de.

18. Ba cheart do Scoileanna Seirbhísí Breise a chinntiú go bhfuil na socruithe reatha éifeachtach chun na páistí is mó a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu a shainaithint agus ba cheart do phríomhoide na scoile agus don fhoireann teagaisc bheith ag comhoibriú go dlúth leis an phobal agus le tuismitheoirí chun idirghabháil iomchuí a phlé agus a aontú. Bíonn sé le tábhacht go ndéanann Príomhoide na scoile breithmheas ar na gníomhaíochtaí agus ar na seirbhísí atá ar fáil do pháistí lasmuigh den scoil agus, aon áit ar féidir, go mbíonn sé ag comhoibriú le soláthróirí eile chun na tairbhí do pháistí agus dá dteaghlach a uasmhéadú. Thar gach rud eile, ní mór cuimhneamh gur cheart na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí a sholáthraíonn Scoileanna Seirbhísí Breise a dhíriú go grinn ar na croíspriocanna, mar atá, cur le foghlaim agus le leibhéil ghnóthachtála na bpáistí san oideachas.

19. Sa chás go mbaintear sochar as eagrais sheachtracha chun seirbhísí breise a sholáthar, ba cheart go mbeadh na hoibrithe atá fostaithe faoi stiúir ag, agus cuntasach do nósanna imeachta inmheánacha an eagrais sin. Bíonn sé iontach tábhachtach go ndéanann scoileanna breithmheas ar na tionchair a bhaineann le húsáid na soláthróirí seachtracha agus go mbeadh comhaontuithe comhpháirtíochta i bhfeidhm acu ón tús chun páistí agus daoine óga a chosaint i rith an ama.

20. Níltear ag iarraidh go n-eascródh aon dúbláil nó macasamhlú seirbhísí atá á soláthar cheana as polasaí na Scoileanna Seirbhísí Breise. Tá acmhainní ar fáil do Scoileanna Seirbhísí Breise chun cuidiú leis an scoil chun freastal ar riachtanais tacaíochta nach bhféadfaí freastal orthu le linn an lae scoile nó mar chuid de churaclam na scoile.

MAOINIÚ

21. Táthar i ndiaidh £50m a infheistiú ó bhí 2006 ann le tacú le scoileanna incháilithe Seirbhísí Breise a fhorbairt. Ní bheifear in ann aon chinneadh a dhéanamh faoin méid maoinithe a bheidh ar fáil do sheirbhísí oideachais ó 2011-12 go dtí 2014-15 go dtí go socróidh Airí an Fheidhmeannais na buiséid Roinne.

CUIDIÚ AGUS TACAÍOCHT

22. Le haghaidh breiseolais ar chlár na Scoileanna Seirbhísí Breise nó ar sholáthar iar-ama, ba cheart do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis na comhordaitheoirí Seirbhísí Breise sa Bhord Oideachais agus Leabharlainne iomchuí. Tá liosta de na sonraí teagmhála faoi iamh in Iarscríbhinn B.

Thig le scoileanna teacht ar an DVD Dea-chleachtas na Scoileanna Seirbhísí Breise tríd an nasc seo a leanas:- http://www.deni.gov.uk/index/85-schools/03-schools_impvt_prog_pg/extended-schools-video-pg.htm

IARSCRÍBHINN A

TÁSCAIRÍ UM CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH SNA SCOILEANNA SEIRBHÍSÍ BREISE

CEANNASAÍOCHT AGUS BAINISTEOIREACHT

Is éifeachtaí an Cheannasaíocht agus an Bhainisteoireacht i Scoileanna Seirbhísí Breise maidir le cur le gnóthachtáil agus le tacú le foghlaimeoirí nuair:	**Mar Shampla (cé gur fíorshamplaí iad seo, ní luaitear ainm na scoile)**
Ceannasaíocht Straitéiseach Tá fís shoiléir ann maidir le Seirbhísí Breise (SB).	*Is é fís straitéiseach na braisle naisc a chruthú leis an phobal agus bheith ag comhoibriú le teaghlaigh trí oibrithe tacaíochta teaghlaigh a fhostú, comhroinnte ag gach scoil sa bhraisle.*
Tá ceannasaíocht agus tacaíocht an Phríomhoide ríthábhachtach.	*Bíonn an príomhoide, an comhordaitheoir SB agus an comhordaitheoir litearthachta ag comhoibriú go héifeachtach mar fhoireann.* *Tá le sonrú go láidir sa soláthar SB an méid ama a chaitheann an Príomhoide agus an díograis a léiríonn sí agus SB á gcomhordú aici. Déantar an obair a dhoiciméadú go maith agus tá an mhonatóireacht agus an measúnú ar ardchaighdeán; is gnéithe tábhachtacha iad cumarsáid agus íogaireacht agus discréid maidir le rathúlacht a chinntiú.*
Tá tuiscint shoiléir ag an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta ar an dóigh a n-eascraíonn feabhsúcháin as SB, in áit bheith ag amharc air mar thionscnamh ina soláthraítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim.	*Tá SB lárnach sa Phlean Forbartha Scoile agus tá sé ceangailte le haidhmeanna foriomlána na scoile. Tá na pleananna gníomhaíochta bainteacha mionsonraithe agus spriocdhírithe, le critéir rathúlachta, torthaí agus straitéisí soiléire le haghaidh monatóireachta agus measúnaithe le sonrú.* *I roinnt mhaith scoileanna, is ball*

	den fhoireann sinsearach bainistíochta/ceannaireachta an comhordaitheoir SB agus bíonn coiste stiúrtha á threorú aige (trasna na braisle in amanna) agus tugann sé ceannasaíocht straitéiseach agus treoir shoiléir maidir le torthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach trí SB do na daoine sin is mó a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu.
	Tuairiscíonn Príomhoide iar-bhunscoile gur chuidigh SB le cur i bhfeidhm feabhsúcháin scoile. Is cuid lárnach den phlean forbartha scoile í an pleanáil le haghaidh SB agus in áit bheith ag amharc air mar thionscnamh maoinithe eile, déantar cuid mhaith de na cláir a maoiníodh i dtosach faoi SB a mhaoiniú anois go díreach ó chiste na scoile mar gheall ar an dóigh a bhfuil monatóireacht agus breithmheas déanta ag an fhoireann sinsearach bainistíochta ar thorthaí na gclár seo agus an méid a chuireann siad le feabhsúchán scoile. Tá cruthaithe go gcuireann siad go mór le soláthar na scoile.
Tá comhfhreagracht laistigh den scoil do SB.	*Coinnítear an fhoireann ar an eolas ar bhonn rialta faoin dul chun cinn maidir le SB agus bíonn réimse de bhaill foirne bainteach sna cláir SB. Áirítear anseo comhroinnt an tsaineolais d'fhonn seirbhís fhiúntach a sholáthar do na daltaí agus don phobal.* *Bíonn an comhordaitheoir SB i dteagmháil leis na comhordaitheoirí litearthachta, uimhearthachta agus sainriachtanas oideachais sa scoil chun breithmheas a dhéanamh ar thionchar na gclár*

	SB ar ghnóthachtáil na ndaltaí. *Tá 24 club iar-scoile ar fáil i scoil amháin; tá 30 club dá leithéid á reáchtáil i scoil eile. Is iad na múinteoirí ábhair i mbunús na rann a sholáthraíonn na clubanna. I scoil amháin, beidh club a sholáthar ag gach roinn faoi 2010-11; i scoil eile tá na múinteoirí ag moladh níos mó gníomhaíochtaí breisithe a bhféadfaí iad a reáchtáil.*
Sa chleachtas nach bhfuil chomh héifeachtach sin, tá easpa úinéireachta ó thaobh SB de á léiriú ag an fhoireann uilig; is faoi dhornán beag atá sásta é a dhéanamh SB a chomhordú agus a sheachadadh. Ní bhíonn cumarsáid uile-scoile éifeachtach nó rialta ann agus in amanna is bacainn é seo roimh an rathúlacht.	
Gníomh chun Feabhsúchán a Chur Chun Cinn	
Tá gníomhaíochtaí SB le sonrú go soiléir sna Pleananna Forbartha Scoile agus i bpleananna gníomhaíochta bainteacha.	*Míníonn Ranna Ábhair, trína gcuid pleananna gníomhaíochta, cén dóigh a gcuireann an ghníomhaíocht sa chlub iar-scoile le hardú na gnóthachtála san ábhar sin. Sa chleachtas is fearr, i gcás beagnach gach club, tá ar a laghad tomhas cainníochtúil amháin mar aon le réimse de thomhais cháilíochtúla lena n-áirítear tógáil féinmhuiníne, spreagadh agus caidreamh éifeachtach idir múinteoirí agus daltaí.*
Bíonn scoileanna in ann an rathúlacht a léiriú trí fhianaise níos stóinsithe agus níos córasaí.	*Rinneadh measúnú ar obair na Braisle sa bhliain 2008-9. Bhí na conclúidí iontach dearfach maidir leis an fhianaise cháilíochtúil, ach sainaithníodh sa tuairisc go raibh sé doiligh cuid de na cláir a bhí dírithe ar fheabhsú na foghlama a mheas. Socraíodh ar thástáil*

	'bhonnlíne' a dhéanamh le go bhféadfaí dul chun cinn an fhoghlaimeora a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí thar thréimhse ama.
Baintear tairbhe as fianaise ó fhoirmeacha féinmheastóireachta mar eolas don phleanáil lena chinntiú go dtugtar tacaíocht níos dírithe do dhaltaí aonair.	*Trí bheith ag breathnú ar dhul chun cinn daltaí aonair, bhíothas in ann an tacaíocht a fhaigheann daltaí trí SB a dhíriú níos fearr ar litearthacht agus ar uimhearthacht. Tairgtear tacaíocht sna clubanna iar-scoile litearthachta agus uimhearthachta in EC3 do dhaltaí aonair ar theacht isteach dóibh i mbliain 8 chomh maith le daltaí ar cuireadh síos dóibh gur tearcghnóthachtálaithe iad i mbliain 9 agus i mbliain 10. Chomh maith leis seo déantar an clár comhpháirtíochta léitheoireachta a reáchtáil le linn an chlub bricfeasta agus dar leis an scoil go ndearna gach dalta a fhaigheann an tacaíocht seo dul chun cinn ó thaobh scór léitheoireachta de. I ndiaidh 3 bliana, mhothaigh an comhordaitheoir SB, i ndiaidh bheith ag plé leis an fhoireann sinsearach bainistíochta, gur ghá béim níos mó a chur ar thacaíocht do dhaltaí in EC4 trí SB de dheasca titim sna caighdeáin a bhí na daltaí a bhaint amach sa GCSE.*
.	*Baineann scoil úsáid as suirbhé ar líne le cuidiú le daltaí machnamh a dhéanamh maidir lena ndul chun cinn sa litearthacht agus san uimhearthacht agus chun dóigheanna a mholadh a bhféadfaí breisfhorbairt a*

	dhéanamh ar an tacaíocht. Dar leis an scoil go léirítear le céatadán ard freagraí go bhfuil na daltaí meabhrach ar an mhéadú ar a gcuid scór caighdeánaithe. Ba mhian leis na daltaí, áfach, tacaíocht bhreise sa litearthacht agus san uimhearthacht trí TEC. Bhíothas in ann an mheastóireacht seo a úsáid mar eolas don phleanáil maidir le tacaíocht don litearthacht agus don uimhearthacht don chéad bhliain eile. *Trí phróisis stóinsithe féinmheastóireachta tá an comhordaitheoir i ndiaidh scagadh a dhéanamh ar na cláir a thairgtear trí SB chun freastal ar na riachtanais atá ag réimse chomh leathan agus is féidir de dhaltaí.*
	I ndiaidh iniúchadh ar an soláthar i ndiaidh na chéad bhliana de SB, d'aithin an comhordaitheoir go raibh sciar rómhór de phobal na scoile nach raibh bainteach leis na cláir SB. Rinneadh réimse na gclár a bhí ar tairiscint a leathnú chun rannpháirtíocht i measc na ndaltaí a mhéadú. Tá baint ag an chomhordaitheoir SB chomh maith le cúrsaí clár ama laistigh den scoil agus thug sé faoi deara go raibh laghdú suntasach ar líon na ndaltaí a roghnaigh an Teastas Dúbailte san Eolaíocht. Mar thoradh air seo, rinneadh club eolaíochta a fhorbairt chun dúil san eolaíocht a chothú: tháinig méadú ar roghnúchán na heolaíochta dá bharr.

Fágann roghnúchán agus úsáid an bhogearra ghréasán-bhunaithe mhonatóireachta agus tuairiscithe a dhear na Boird go mbíonn pleanáil, monatóireacht agus tuairisciú na gclár níos éifeachtúla.	*Ionchorpraíonn scoil an tuairisc leictreonach isteach i dtuairisc bhliantúil na scoile do na gobharnóirí.* *Tugann an comhordaitheoir SB ceistneoir simplí do dhaltaí i ndiaidh gach gníomhaíocht mhaoinithe. Tástáiltear gach gné ábhartha de na Torthaí Ardleibhéil a bhaineann le gach gníomhaíocht. Anonn sa bhliain tugtar dhá cheistneoir do mhúinteoirí chun tionchar meánthréimhseach na gníomhaíochta a mheas maidir leis na Torthaí Ardleibhéil céanna.*

Sa chleachtas nach raibh chomh héifeachtach sin, is deacair le roinnt scoileanna go fóill an nasc a léiriú idir na cláir agus na torthaí do na páistí agus na daoine óga. Is fadhb é seo go háirithe nuair is deacair leo na torthaí a thomhas go cainníochtúil chomh maith lena dtomhas go cáilíochtúil.

Cuirtear barraíocht béime ar an mhaorlathas, agus roinnt cúiseanna leis seo. Ar na cúiseanna seo tá: easpa tuisceana ar na próisis; róbhéim ar dhoiciméadú, rud a choinníonn comhordaitheoirí agus daoine eile ó sholáthar níos straitéisí an chláir SB.

Déantar miontagairt do Chlubanna agus do sheisiúin SB sna pleananna gníomhaíochta de chuid na Rann bainteach ach ní cheanglaítear iad seo le toradh follasach foghlama agus mar sin ní thig breithmheas a dhéanamh ar a n-éifeachtacht.

Soláthar foirne Déantar tógáil éifeachtach ar inniúlachtaí idir baill foirne, lena n-áirítear an fhoireann tacaíochta neamhtheagaisc. Is amhlaidh, dá réir, go bhfuil sé seo cost-éifeachtúil, inbhuanaithe agus go mbíonn meanma níos airde ag an fhoireann dá bharr le baill den fhoireann i mbun forbartha ar a gcuid ról proifisiúnta agus iad sa tóir ar oiliúint agus ar cháilíochtaí breise.	*Bíonn eochair-ról le himirt ag roinnt mhaith den fhoireann neamhtheagaisc maidir le seachadadh agus le comhordú na gclár. I roinnt scoileanna, baintear úsáid straitéiseach as caiteachas SB chun cúntóirí tacaíochta foghlama a oiliúint sa chlár Comhpháirtíochta Léitheoireachta. Tá faighte ag múinteoirí de thairbhe na SB forbairt foirne, feabhsú gairme agus dul chun cinn, mar shampla: san oiliúnú spóirt, sa réiteoireacht, ó thaobh scileanna comhairleoireachta de agus ó thaobh feasacht féinmharaithe de.* *I mbunscoil amháin, bhí oiliúint ghairmiúil faighte ag gach ball foirne i ngníomhaíochtaí teiripe shaothair le cuidiú leo agus iad ag tacú le páistí a léiríonn deacrachtaí mothúchánacha agus iompair. Dar leis an scoil gur shíolraigh timpeallacht shuaimhneach as úsáid na ngníomhaíochtaí seo, rud ar eascair glacacht mhéadaithe amach as agus leibhéal rannpháirtíochta i bhfad níos airde san fhoghlaim i measc na bpáistí. Is airde anois na leibhéil muiníne agus leibhéil an chumhachtaithe i measc na foirne teagaisc agus neamhtheagaisc ar aon de thairbhe na forbartha foirne.*
Tugann an comhordaitheoir SB tacaíocht don phobal áitiúil agus coinníonn sé teagmháil leo.	*Tá oifigeach teagmhála tuismitheoirí fostaithe ag roinnt scoileanna, té a bhfuil scileanna ardleibhéil aige a dhéanann teagmháil le tuismitheoirí agus a chuireann ina luí orthu go bhfuil meas orthu agus ar an ról s'acu.*

Baineann scoileanna an-sochar as úsáid éifeachtach na n-oibrithe tacaíochta pobalbhunaithe agus/nó comhordaitheoirí braisle a bhfuil naisc láidre leis an phobal, eolas áitiúil agus inchreidteacht acu.	*Tá naisc éifeachtacha bunaithe ag bunscoil amháin leis an tSeirbhís Óige áitiúil agus le Tionscadail Óige. Is dá thoradh seo a forbraíodh réimse de sheirbhísí do thuismitheoirí, do bhaill foirne agus do dhaltaí lena n-áirítear scileanna tuismitheoireachta, bainistiú iompair agus feirge, tógáil muiníne, garchabhair, teanga chomharthaíochta, stair áitiúil agus tacaíocht do luathfhoghlaimeoirí.*
Acmhainní Bíonn scoileanna meabhrach ar chost-éifeachtacht agus ar luach ar airgead agus is fearr na scileanna cinnteoireachta a bhíonn acu dá bharr seo.	*Dar le scoileanna gur léir go n-eascraíonn íomhá dhearfach don scoil i measc an phobail as maoiniú chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus leis an phobal áitiúil, rud a fhágann go gcuirtear rólchuspaí tuismitheora maithe chun cinn agus, i roinnt cásanna, go gcuireann an obair seo leis an saol teaghlaigh. De réir scoil amháin, bhí laghdú suntasach tagtha ar líon na dteagmhas loitiméireachta le cúig bliana anuas mar go mbíonn na tuismitheoirí agus an pobal áitiúil iontach cosantach ar dhea-chlú na scoile.* *Táthar ag úsáid maoiniú SB i scoil amháin le dioplóma 3 bliana an chomhairleora (NVQ Leibhéal 3) a fhóirdheonú; dar leis an scoil gur infheistíocht luachmhar é seo a dtagann tairbhí soiléire don scoil léi. Soláthraíonn an Comhairleoir seirbhisí i láthair na huaire gach lá ag am lóin.*
Baineann scoileanna feidhm as an saineolas a chuimsíonn siad agus SB á mbainistiú acu le teacht i dtír ar fhoinsí eile maoinithe chun cláir a chothú.	*Déantar cuid de na tionscnaimh is rathúla, ar cuireadh tús leo ar dtús faoi SB, a mhaoiniú anois trí ghrúpaí pobail, trí scéimeanna athnuachana comharsanachta, trí chistí*

	áitiúla nó domhanda nó trí sholáthróirí príobháideacha. Áirítear anseo clubanna obair bhaile, ealaíon, ceardaíochta agus spóirt; imeachtaí ceoil agus damhsa agus tráthnónta ilchineálachta.
Bíonn buntáistí soiléire le baint ag an scoil as SB ó thaobh fheabhsú chóiríocht agus shaoráidí fisiceacha na scoile de.	*Dar le scoil amháin go bhfuil nasc díreach cáinníochtúil idir an infheistíocht a rinneadh i liathróidí peile a cheannach trí SB agus laghdú ar dhrochiompar le linn sosanna i rith an lae scoile. Ar a bharr seo, táthar i ndiaidh cur le caighdeán an tsoláthair do na daltaí le linn an lae scoile trí athchóiriú an tseomra TEC. Baineann na daltaí sa séú bliain sochar as rochtain mhéadaithe ar ríomhairí glúine agus ar cheamaraí digiteacha a ceannaíodh don phobal agus ar na scileanna a fhorbraíonn siad i ranganna speisialaithe físe digití i réimsí eile den churaclam.*
Sa chleachtas nach bhfuil chomh héifeachtach sin, ní bhíonn fócas soiléir ag scoileanna ar luach ar airgead trí SB agus táthar ag leanúint le cláir a reáchtáil a mbíonn drochfhreastal orthu nó a mbíonn tionchar teoranta acu ar ghnóthachtáil agus ar chaighdeáin na ndaltaí. Dar le scoileanna gur rud am-íditheach neamhéifeachtúil é cur isteach ar mhaoiniú le díol as seirbhísí; rud a n-eascraíonn moilleanna do-ghlactha as ó thaobh íocaíochtaí de faoi choinne soláthróirí seachtracha.	
Naisc agus Comhpháirtíochtaí Bíonn na braislí dea-fhócasaithe agus tuiscint chomhaontaithe agus chomhroinnte níos mó ann ar chuspóirí agus ar cad is indéanta. Is iondúil gur rathúlaí na braislí nuair is iad na scoileanna féin a chuir ar bun iad.	*Déanann braislí smaointe agus cleachtas a chraobhscaoileadh a théann chun sochair scoileanna trí eolas a chomhroinnt ag na céimeanna tábhachtacha aistrithe agus maidir le tarraingt isteach na seirbhísí sóisialta. Ar a bharr sin, bítear in ann braistintí diúltacha a dhíbirt tríd an díospóireacht ghairmiúil idir cineálacha éagsúla bainistíochta agus scoileanna agus bíonn féidearthachtaí maidir le dlúthchaidreamh oibre*

	rud atá ag teacht le fealsúnacht na bpobal foghlama.
Tugann oifigigh de chuid na mBord tacaíocht rí-éifeachtach éifeachtúil agus pras do scoileanna: bíonn comhairle ar fáil; déantar teagmhálacha, tugtar cuidiú le cúrsaí airgeadais agus spreagtar scoileanna le bheith cruthaitheach solúbtha d'fhonn freastal ar riachtanais na ndaltaí agus iad beo faoi chúinsí dúshlánacha.	*Cuirtear go mór leis an chomhoibriú laistigh den bhraisle agus Oifigeach SB an Bhoird mar aon le hionadaithe pobail páirteach inti. Is nasc leis an phobal iad na hionadaithe pobail, nasc is deacair a chruthú gan iad agus tá sé le tábhacht mar sin go mbíonn siad i láthair ag cruinnithe braisle.*
Éiríonn go maith le scoileanna ó thaobh teagmhála de le háisíneachtaí agus eagrais sheachtracha chun freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais, agus chun monatóireacht agus breithmheas a dhéanamh ar luach na tacaíochta seo do na daltaí agus dá dtuismitheoirí.	*Tá cuid mhór déanta ag go leor scoileanna le díriú isteach ar thuismitheoirí níos óige agus/nó céaduaire, a raibh drocheispéireas ag riar maith acu ar shaol na scoile. Bíonn sé tábhachtach bacainní meabhairbhraite ar an oideachas agus ar fhorais oideachais a bhriseadh síos le nach gcuirfidh tuismitheoirí le drocheispéiris na ndaltaí. Déanann scoileanna cúrsaí i scileanna tuismitheoireachta a reáchtáil in atmaisféar oscailte neamhfhoirmeálta tacúil, go minic le tacaíocht iomchuí sheachtrach. Le nach mbeadh aon íomhánna diúltacha ag baint le 'cúrsaí tuismitheoireachta' bíonn scoileanna samhlaíoch ó thaobh dhearadh, theideal agus fhormáid na gcúrsaí de.* *Is iad na soláthróirí seachtracha a thugann oiliúint d'fhoireann na scoile agus bíonn foireann na scoile ag obair i gcomhpháirt leo; is iad na baill foirne féin a sholáthraíonn aon chúrsaí iartheachtacha agus tagann an bunchóitseálaí ar ais chun*

	monatóireacht a dhéanamh ar an ghníomhaíocht agus chun tuairisc scríofa a chur le chéile. Déanann na páistí féin agus a dtuismitheoirí breismheastóireacht agus tugtar samplaí de thionchar an chláir. *Fuair an scoil tuiscint bhreise ar obair na seirbhíse comhairleoireachta trí SB. Tugadh faoi comhsheisiúin comhairleoireachta le tuismitheoirí agus le páistí dá bharr seo.*
Sa chleachtas nach bhfuil chomh héifeachtach sin, níl na socruithe braislithe éifeachtach. Laistigh de roinnt braislí, bíonn roinnt scoileanna scoite agus ní bhaineann siad an oiread céanna tairbhe as an socrú. I sampla amháin, dúradh nach raibh an bhraisle chomh héifeachtach céanna mar gurbh é an Bord a bhunaigh an nasc. I gcás amháin, dúirt scoil gur chuir an easpa comhaontaithe agus leanúnachais idir baill den bhraisle isteach ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt straitéiseach na braisle. De bhreis air sin, bhí tosaíochtaí na scoile féin dírithe ar fheabhsúcháin ag EC4 cé gur ghá freastal a dhéanamh ar aidhmeanna na mbunscoileanna mar chuid de na socruithe braislithe.	

CAIGHDEÁN AN tSOLÁTHAIR

Is éifeachtaí an soláthar SB maidir le freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus an mhórphobail, agus chun cúram agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a threorú, nuair:	**Mar Shampla (cé gur fíorshamplaí iad seo, ní luaitear ainm na scoile)**
Pleanáil Léiríonn scoileanna cruthaitheacht agus solúbthacht maidir le pleanáil na ngníomhaíochtaí agus na seirbhísí le haghaidh daltaí agus tuismitheoirí.	*I scoil amháin táthar i ndiaidh an soláthar SB a shíneadh ar roinnt laethanta den tseachtain ó 7.30 am go dtí 9pm chomh maith le deirí seachtaine agus laethanta saoire. Mar shampla, soláthraíonn an scoil gníomhaíochtaí spóirt go luath ar maidin. Tosaíonn 'Sunrise Soccer Programme' ar 7.30am; dar leis an scoil go gcuireann sé seo go mór le tinreamh, iompar agus feidhmíocht*

	oideachasúil feabhsaithe agus go n-éascaítear cairdeas idir daltaí. I ndiaidh trí bliana de ghníomhaíochtaí SB, tá thart ar 50% de dhaltaí agus 50% den fhoireann (múinteoirí agus cúntóirí ranga) i ndiaidh páirt a ghlacadh in imeachtaí SB; chóir a bheith gach duine acu ar bhonn deonach. *I roinnt ceantar ina bhfuil leibhéal ard díothachta, díríonn roinnt scoileanna ar fhorbairt scileanna cruthaitheacha na ndaltaí trí rochtain ar cheol a sholáthar. Mar shampla, roghnaigh níos mó daltaí ceol agus i roinnt mhaith cásanna bhain rathúlacht aonair inbhuanaithe amach trí fheidhmiú poiblí, nuair a cuireadh rochtain ar ghléas ceoil ar fáil. Dar le scoileanna gur eascair leibhéil níos airde de spreagadh agus de thinreamh, féinmhuinín mhéadaithe agus gnóthachtáil acadúil níos fearr as seo chomh maith. Thug scoileanna le fios chomh maith go dtig SB a úsáid sna cásanna seo chun an bhearna a dhruidim idir páistí atá faoi mhíbhuntáiste agus páistí ó chúlraí níos rachmasaí.* *Bíonn bunscoil íogair agus iad ag díriú isteach ar agus ag freastal ar riachtanais tuismitheoirí chun scileanna tuismitheoireachta a chur chun cinn. Tairgeann siad réimse leathan de chláir SB do thuismitheoirí, lena n-áirítear cúrsaí forbartha pearsanta do thuismitheoirí lena bpláitear le ceisteanna féintreallúis, mothúchánacha, sláinte agus leasa; seisiúin eolais le*

	haghaidh tuismitheoirí céaduaire ina dtugtar eolas ar shaoráidí áitiúla, seisiún 'Aithreacha agus Mic/Iníonacha, seisiúin ealaíon agus ceardaíochta, clár dar teideal 'Aistear le do Pháiste' lena mínítear Curaclam Thuaisceart Éireann do na tuismitheoirí agus ina ndéantar gníomhaíochtaí praiticiúla chun tacú leis an litearthacht agus leis an uimhearthacht sa bhaile, agus tionscnamh na mbunghluaiseachtaí.
Tá cultúr dearfach, cultúr 'is féidir linn', i ndiaidh teacht chun cinn ó thaobh SB de agus déanann scoileanna cinntí agus socraíonn siad cláir a n-éireoidh leo. Bíonn siad in ann cruthaitheacht agus neamhspleáchas a léiriú sa chinnteoireacht gan eagla a gcáinte orthu agus níl leisce orthu imeacht lasmuigh de pharaiméadair shriantacha oibre.	*Soláthraíonn an bhraisle iar-bhunscoileanna busanna a fhaightear ar cíos a thógann na páistí i ndiaidh na scoile agus a fhágann in áit lárnach iad nó gar don bhaile. Is eisíoc mór airgid é seo ach meastar go bhfuil ríthábhacht ag baint leis chun tacaíocht a sholáthar do na foghlaimeoirí sin a bhfuil sí de dhíth orthu agus arb iad is mó, go hiondúil, a bhíonn faoi mhíbhuntáiste. Bhí trí cinn de na scoileanna ón bhraisle in ann liostaí ranga a thaispeáint ar ar taifeadadh scóir sa Bhéarla nó sa mhatamaitic roimh agus i ndiaidh do na daltaí clárú le ceann de na cláir SB; bhí an difear sa ghnóthachtáil suntasach i mbunús na gcásanna.* *Agus seachadadh na gclár SN á phleanáil acu, rinne an fhoireann sinsearach bainistíochta tosaíocht de chlub obair bhaile a fhorbairt, beart a chinntigh go dtiocfadh le daltaí freastal ar chlub struchtúrtha maoirsithe obair bhaile dhá uair sa tseachtain i ndiaidh na scoile. Bhíothas in ann a chinntiú, leis seo, go bhfuair*

	daltaí rochtain ar áiseanna TEC. Síneadh an cur chuige seo sa scoil lasmuigh den soláthar a maoiníodh faoi SB agus osclaíodh an scoil maidin Shathairn le haghaidh seisiún athbhreithnithe agus chun clár struchtúrtha athbhreithnithe a fhorbairt le haghaidh daltaí i mbliain 12 roimh na scrúduithe GCSE acu. Mar chuid den tiomaint chun caighdeáin a ardú ag GCSE, thug an scoil isteach córas luaíochta don GCSE trína bhfuair scoláirí a léirigh iarracht lena gcuid staidéar aitheantas. Dar leis an scoil go raibh sé seo ríthábhachtach chun cultúr a chruthú ina raibh daltaí GCSE ag iarraidh feidhmiú go maith agus gur thionscnaimh a roghnaigh na daltaí féin a úsáideadh chun iarrachtaí agus luach saothair na ndaltaí a aithint. Mar shampla, fuair grúpa amháin daltaí eitilt ar bord eitleáin. *Déanann roinnt scoileanna imeachtaí SB a reáchtáil le linn uaireanta scoile, go háirithe nuair a bhítear ag plé le leas páistí agus le tacaíocht do ghnéithe dá gcuid foghlama ó lá go lá. Mothaíodh gur mhór an buntáiste an tsaoirse seo le seirbhísí/gníomhaíochtaí a fhí isteach sa chlár ama san áit is fóirsteanaí don scoil agus do na daltaí.*
Déanann scoileanna tacaíocht a spriocdhíriú agus fágann sé seo go seachadtar torthaí soiléire sobhraite chun freastal ar riachtanais daltaí aonair agus ní leantar le seirbhísí nach mbíonn torthaí sásúla leo i dtéarmaí na n-acmhainní a infheistíodh iontu.	*I mbraisle naíscoile agus bunscoile, táthar ag freastal ar riachtanais daltaí aonair ar dhóigh fhorchéimnitheach trí chomhroinnt an eolais, na comhairle agus na tacaíochta agus trína chinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir leis an chineál tacaíochta a fhaigheann*

	an páiste agus é/í ag aistriú chuig scoil eile. *In iar-bhunscoil amháin, éascaíodh sainaithint na bhfoghlaimeoirí a raibh na riachtanais is práinní acu agus/nó tearcghnóthachtálaithe trí theisteanna sa Bhéarla agus sa mhatamaitic a úsáid sna bunscoileanna friothálacha; ba dhaltaí deonacha ó iar-bhunscoil áitiúil a thacaigh leis na daltaí seo i R4 agus i R5. Oibríonn an malartú seo sa dá threo; tagann daltaí bunscoile chuig an iar-bhunscoil, lena gcuid múinteoirí, le haghaidh seisiún praiticiúil sa mhata ina bhfeidhmíonn na daltaí iar-bhunscoile mar chúntóirí foghlama.* *I mbraisle uirbeach iar-bhunscolaíochta amháin, bíonn na teicneoirí TE agus an fhoireann teagaisc iontach meabhrach ar thúsáite a thabhairt do na daltaí sin nach bhfuil teacht acu ar ríomhairí sa bhaile maidir le rochtain ar ríomhairí roimh agus i ndiaidh na scoile.* *In iar-bhunscoil, tá dlúthchumarsáid idir an SENCO, na múinteoirí ábhair agus an comhordaitheoir SB chun na daltaí is mó a bhainfeadh sochar as cuidiú breise a shainaithint. Cinntíonn an SENCO go ndéanann na daltaí iomchuí freastal ar an chlub obair bhaile agus ar sheisiúin tacaíochta sa mhatamaitic agus sa litearthacht.*

Soláthar an churaclaim Bíonn an soláthar SB ag tacú go soiléir le sainghnéithe den churaclam.	*I roinnt scoileanna, tá cuid de na clubanna iar-scoile i ndiaidh soláthar a chur ar fáil le haghaidh cáilíochtaí GCSE de, mar shampla sa Bhéarla, san ealaín, sa ghrianghrafadóireacht, sa teicneolaíocht agus dearadh agus san innealtóireacht. Is féidir an rathúlacht a bhaineann cuid de na clubanna amach a thomhas i dtéarmaí an dul chun cinn suntasach atá i ndiaidh titim amach maidir le roghnúchán na n-ábhar bainteach.*
Déanann scoileanna pleanáil le haghaidh fairsinge d'eispéiris atá le tairiscint trí SB.	*I roinnt scoileanna, táthar i ndiaidh an teagasc foirmeálta a shíneadh agus a bhreisiú le SB trí, mar shampla, staidéar allamuigh sa bhitheolaíocht agus sa tíreolaíocht, cúrsaí cónaithe sa drámaíocht, cúrsaí cónaithe sa Ghaeilge, ranganna teoirice sa cheol agus ranganna comhrá, mar shampla, san Iodáilis. Éascaíodh leathnú ar réimse na spórt a chlúdaítear trí hallaí spóirt agus ionaid phobail a ghlacadh ar cíos.*
Cúram, treoir agus tacaíocht Cinntítear, leis na naisc láidre idir na cláir SB agus na córais tréadchúraim laistigh de scoileanna go ndéantar freastal ar riachtanais daltaí aonair ar dhóigh iomlánaíoch.	*TháinigTháinig feabhsú i bponcúlacht na ngasúr de thoradh chlub bricfeasta in iar-bhunscoil; trí rannpháirtíocht ghníomhach sa pheil agus sa leadóg thábla, bíonn na gasúir níos socraithe agus iad ag teacht chuig an chlárú, tá laghdú ar líon na dtroideanna idir daltaí roimh scoil agus ní fhaightear gearáin níos mó ó shiopadóirí faoi dhrochiompar na ndaltaí roimh theacht ar scoil dóibh. Cuireann an club bricfeasta le forbairt scileanna pearsanta agus sóisialta na ngasúr trí dheiseanna le haghaidh idirghníomhú sóisialta*

	le daltaí ó bhliainghrúpaí éagsúla. Déantar forbairt chomh maith ar scileanna maidir le sealaíocht, foghlaim óna chéile agus bainistiú frustrachais ar dhóigh fhóirsteanach. Ar a bharr sin, cinntítear leis an chlub bricfeasta go bhfaigheann na gasúir bricfeasta níos sláintiúla ar maidin, rud a mbíonn tionchar aige ar a gcuid foghlama. Dar leis an fhoireann sinsearach bainistíochta gur rud sultmhar anois dualgas maoirseoireachta na foirne mar go mbíonn na daltaí níos dírithe ar ghníomhaíochtaí fiúntacha le linn sosanna sa lá scoile. *Cinntítear leis an cláir ionduchtúcháin faoi choinne Bliain 8 go mbíonn meantóir ó bhliain 11 ag gach dalta le cuidiú leis/léi socrú isteach. Cuidíonn sé seo, dá réir, braistint freagrachta a chothú sna daltaí in EC4 agus a gcuid scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt.* *Agus an scoil ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar líon na ndaltaí a chuirtear ar fionraí, thángthas ar fhianaise de mhí-úsáid drugaí le linn an iniúchta. Trí SB, bhí an scoil in ann seisiúin feasachta drugaí a reáchtáil agus teagmháil a dhéanamh leis an PSNI, ag iarraidh andúil sna drugaí a shárú mar gur mórbhacainn roimh an fhoghlaim í. De bhreis air seo rinne an scoil dlúth-theagmháil le dhá iar-bhunscoil eile agus leis an YMCA áitiúil chun Clár Tacaíochta Daltaí a bhunú. Cuireadh an tionscadal ar bun mar fhreagairt ar*

	riachtanas sainaitheanta maidir le hionad fóirsteanach ina bhféadfaí freastal ar dhaltaí a bhí gafa ag an easpa suime agus chun tacaíocht a sholáthar sa litearthacht agus san uimhearthacht, chun spéis a athmhúscailt i measc na ndaoine óga imeallaithe seo san oideachas príomhshrutha. Dhírigh an scoil isteach ar na daoine óga is mó a raibh an tacaíocht seo de dhíth orthu. Ar a bharr sin, dhírigh an scoil ar dhaltaí a raibh tacaíocht bhreise de dhíth orthu mar gheall ar an chúlra acu agus cuireadh clár a reáchtáladh i gcomhpháirt le hIontaobhas na hÓige ar fáil dóibh. *I roinnt scoileanna ar tugadh cuairt orthu, bhíothas in ann Seisiúin Chomhairleoireachta Buail-Isteach le haghaidh tuismitheoirí a reáchtáil trí SB, seisiúin lae, seisiúin ag am lóin agus seisiúin tráthnóna; bíonn sé seo luachmhar go háirithe aon áit nach mbíonn a leithéid de sheirbhís ar fáil nó áit a mbeadh sí faoi bhrú. De bhreis ar an chomhairleoireacht seo, is minic a sholáthraítear oiliúint Feasachta Féinmharaithe áit ar bith a mbíonn riachtanais nó buarthaí soiléire áitiúla.*

Cumarsáid fheabhsaithe idir múinteoirí, tuismitheoirí agus áisíneachtaí seachtracha lena gcinntítear go ndéantar eolas tábhachtach a chomhroinnt idir na dreamanna uilig a thugann tacaíocht do na daltaí.	*Dar le hiar-bhunscoil gur chuidigh SB le naisc a chothú le hearnáil na bunscolaíochta. Tá an scoil i ndiaidh a próifíl a ardú i measc bunscoileanna friothálacha trí cheardlanna eolaíochta reáchtáil a bhí dírithe ar chur chun cinn an chláir oibre ETIM. Tá méadú de thart faoi 100 dalta i ndiaidh teacht ar rollúchán na scoile le 6 bliana anuas. Chomh maith leis sin, cuirtear ar chumas na ndaltaí i mbliain 8 tríd na ceardlanna eolaíochta a gcuid scileanna meantóireachta a fhorbairt trí bheith ag obair leis na páistí bunscoile. Forbraítear naisc churaclaim fheabhsaithe fosta maidir le curaclam na heolaíochta san iar-bhunscoil lena chinntiú go dtógtar ar réamhfhoghlaim agus ar réamhghnóthachtáil na bpáistí bunscoile ar theacht isteach go bliain 8 dóibh.*
Sa chleachtas nach raibh chomh héifeachtach sin, is gá pleanáil a dhéanamh don todhchaí le go leanfar le seachadadh na gclár SB mar chuid den dea-chleachtas a bhaineann go hiondúil le feabhsúchán scoile. Tá roinnt clár ann a bhféadfaí iad a fhí isteach sa ghnáthchleachtas scoile amhail clubanna obair bhaile, tacaíocht staidéir le haghaidh scrúduithe agus tacaíocht churaclaim do thuismitheoirí. Níor cheart go mbeifí ag brath ar mhaoiniú SB le haghaidh na rudaí seo nó d'fhéadfaí iad a sholáthar trí, mar shampla, níos mó samhlaíochta agus solúbthachta ó thaobh an chlár ama agus úsáid foirne de. Sa chleachtas nach raibh chomh héifeachtach sin, bíonn gá lena chinntiú go bhfoghlaimíonn gach dream atá bainteach san aistriú idir céimeanna óna chéile maidir le heolas tréadchúraim agus curaclaim agus go gcothaíonn siad, oiread agus is féidir, leanúnachas ó thaobh tacaíochta de, do na daltaí is leochailí agus dá dteaghlach. I roinnt scoileanna, cé go raibh leibhéal maith ann maidir le rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal, bíonn sé deacair ag an bhainistíocht na tuismitheoirí a mhealladh ar dhóigh leanúnach, ó thaobh freastal ar chruinnithe agus ar imeachtaí de.	

GNÓTHACHTÁIL AGUS CAIGHDEÁIN

Is éifeachtaí an soláthar SB maidir le cinntiú na gnóthachtála fiúntaí agus na n-ardchaighdeán nuair:	Mar Shampla (cé gur fíorshamplaí iad seo, ní luaitear ainm na scoile)
Scileanna, dearcadh agus meon Tá na cláir SB ceangailte go soiléir le tionchar dearfach ar fhoghlaim na bpáistí. Bíonn scoileanna in ann a léiriú go mbíonn ceangal díreach idir gníomhaíochtaí SB agus suim mhéadaithe ag daltaí san fhoghlaim sa seomra ranga.	*I scoil amháin, tá cur chuige comhtháthaithe fíormhaith i leith cúraim, treorach agus tacaíochta do thuismitheoirí agus do pháistí ar aon. Tá eascartha, as seo, iompar feabhsaithe, suim mhéadaithe san fhoghlaim agus scileanna pearsanta agus sóisialta níos fearr do na páistí ó thaobh spreagtha, mianaidhme, tinrimh agus féinmhuiníne de.*
	Trí SB, tá na daltaí i ndiaidh scileanna, dearcadh agus meon fabhrach i leith na foghlama a fhorbairt. Mar shampla, le forbairt na Comhairle Scoile trí SB, thóg na daltaí a bhí páirteach inti na scileanna atá riachtanach le feidhmiú i sochaí atá ag éirí níos daonlathaí. D'fhorbair na daltaí scileanna maidir le forógra a chur chun tosaigh, vótáil a dhéanamh, ionadaíocht a dhéanamh ar son lucht a gcomhaoise ar an chomhairle, bheith ag cloí leis an chlár oibre, taithí a fháil ar chruinniú a bhfuil cathaoirleach air agus ar bheith ag léamh miontuairiscí ar phointí comhaontaithe gníomhaíochta. *Foghlaimíonn na daltaí sin atá sásta feidhmiú mar mheantóirí cuid mhór ó thaobh na scileanna idirphearsanta de agus éiríonn siad níos muiníní ina gcuid foghlama féin.* *Ar na gníomhaíochtaí saibhriúcháin a eagraítear faoi*

	choinne Bliain 13, bíonn deiseanna acu bheith ag obair le daoine atá faoi mhíchumas fisiceach agus meabhrach, óna dtógann na daltaí, dar leo, 'dearcadh eile ar an saol'. Bíonn deis ag daltaí Bliain 13 chomh maith bheith ag obair le daoine scothaosta trí ranganna do thosaitheoirí a theagasc i dteicneolaíocht an eolais. Dar leis na daltaí go raibh an-dúil ag na seanóirí sna ranganna seo.
Leibhéil fheabhsaithe feidhmíochta atá bainteach le leibhéil ardaithe spreagtha, tinreamh agus braistintí níos dearfaí fá dtaobh díobh féin, mar aon le braistint chomhmhuintearais trí bheith páirteach sna cláir SB.	*Labhraíonn na daltaí go muiníneach le daoine fásta, idirghníomhaíonn siad go maith lena chéile agus tá siad ag déanamh dul chun cinn maidir le freagracht a ghlacadh. Tá siad in ann foghlaim a dhéanamh in atmaisféar cóimheasa agus braitheann an comhordaitheoir SB go raibh na SB ríthábhachtach maidir le meon 'bainimis triail as' a fhorbairt i measc na ndaltaí.* *Breathnaíodh roinnt samplaí den scoth maidir le leibhéil arda d'fheidhmíocht phearsanta trí scileanna nua a thógáil sa drámaíocht, san ealaín, sa ghrianghrafadóireacht, sna gníomhaíochtaí taobh amuigh agus sna cluichí. Tá roinnt mhaith daltaí i ndiaidh leibhéil arda de rathúlacht phearsanta a bhaint amach as siocair an chumais acu cáiliúcháin aitheanta a ghnóthú, amhail Gaisce – Cearnmhír an Uachtaráin, nó Cearnmhír Dhiúc Dhún Éideann, nó trí pháirt a ghlacadh i gcomórtais, trí bheith rannpháirteach i ndrámaí agus i léiriúcháin cheoil inmheánacha agus sheachtracha agus in imeachtaí spóirt. Eispéireas athraithe saoil a bhí anseo ag*

	roinnt daltaí, an chéad chéim shuaithinseach i dtreo gairme a bhí ann ag roinnt eile. *Fuarthas fianaise ó bhreithmheas daltaí agus tuismitheoirí, tuairiscí foirne, leibhéal ard leanúnach tinrimh agus taifead fairsing grianghrafadóireachta go mbíonn na foghlaimeoirí iontach sásta leis na gníomhaíochtaí atá ar tairiscint agus go mbaineann siad tairbhe astu.*
Cuirtear béim láidir ar a chinntiú go gcuireann na cláir uilig le, nó go ndírítear go díreach nó go hindíreach iad ar, feidhmíocht agus gnóthachtáil chainníochtúil a ardú sna seomraí ranga agus sna scrúduithe ag deireadh na bliana.	*Mar thoradh ar cheann de ranganna breisithe GCSE sa mhatamaitic, d'éirigh le naonúr as ceithre dhalta dhéag a ngrád a ardú go dtí "C".* *Mar thoradh ar an Scéimh Chomhpháirtíochta Léitheoireachta a reáchtáladh mar chuid de SB, thug cúntóir ranga oiliúint do thuismitheoirí i ndiaidh na scoile le go mbeadh siad in ann tacú lena gcuid páistí; tháinig méadú ar scóir léitheoireachta na bpáistí uilig ar díríodh orthu. Ar a bharr sin, chuir scéim iasacht na leabhar leis an spéis sa litríocht i measc na bpáistí.* *D'éirigh le scoil amháin torthaí scrúduithe sa scoil uilig a fheabhsú thar thréimhse thrí bliana na SB; torthaí feabhsaithe, mar shampla, sa Bhéarla, sa stair, sa Ghaeilge, sa mhatamaitic, san eolaíocht, sa Spáinnis, agus i gcomórtais teicneolaíochta (amhail an comórtas Foirmle 1)mar shampla, stádas idirnáisiúnta a bhaint amach; sa scoil seo d'éirigh le roinnt baill foirne agus daltaí teastais, cáiliúcháin, duaiseanna agus aitheantas*

	seachtrach a bhaint amach.
Éiríonn na rannpháirtithe sna cláir SB creidiúnú a ghnóthú.	*Cuireadh oiliúint san Fheasacht Féinmharaithe, a dtugtar aitheantas dó trí charnadh creidmheasa, ar fáil do 50 tuismitheoir. Bíonn cáiliúcháin le gnóthú trí Chearnmhír an Uachtaráin, Cearnmhír Dhiúc Dhún Éideann agus Iontaobhas an Phrionsa lena spreagtar agus lena ngríosaítear foghlaimeoirí.*
Bíonn suim ag na páistí ina gcuid foghlama féin agus feidhmíonn siad níos fearr mar go bhfaigheann a dtuismitheoirí tacaíocht le cuidiú leo ina gcuid foghlama.	*Le linn comhphlé le grúpa tuismitheoirí seo a leanas na buntáistí, dar leo, a bhí le baint as cláir SB:* ▪ *scileanna feabhsaithe praiticiúla amhail TEC, garraíodóireacht agus deasú bláthanna;* ▪ *féinmhuinín mhéadaithe a thagann leis an bhraistint go bhfuil rud éigin bainte amach acu;* ▪ *teagmháil mhéadaithe lena bpáistí trí chomhghníomhaíochtaí;* ▪ *tacaíocht mhothúchánach tríd an chomhairleoireacht;* ▪ *feasacht mhéadaithe ar an dóigh le tacú le foghlaim na bpáistí;* ▪ *tuiscint ar an dóigh le tacú leis an fhónaic agus an dóigh le scileanna tuisceana agus aithriseoireachta a chur chun cinn;* ▪ *tá roinnt tuismitheoirí i ndiaidh post a fháil mar chúntóir ranga agus NVQ Leibhéal 1 nó 2 bainte amach acu; agus* ▪ *amharclann tuismitheoirí orthu féin anois mar fhoghlaimeoirí.*

	Dar leis an scoil go bhfuil níos mó measa ag na daltaí anois ar a scoil mar go bhfeiceann siad teagmháil na dtuismitheoirí léi. Aithníonn tuismitheoirí níos mó anois, de thoradh na gclár SB, go bhfuil ról tábhachtach le himirt acu in oideachas a gcuid páistí. Dar leis na múinteoirí go dtugann na tuismitheoirí faoi deara anois rudaí nach bhfuil a fhios ag a gcuid páistí nó rudaí a mbíonn deacrachtaí ag na páistí leo; bítear in ann tacaíocht níos spriocdhírithe a chur ar fáil do na páistí dá bharr seo.
Sáraíonn na daltaí bacainní roimh a gcuid foghlama.	*Cuireann an scoil béim shoiléir ar an ghá atá le torthaí a fheabhsú trí bheith ag díriú isteach ar dhaltaí aonair. Déantar anailís ar na bacainní is mó roimh an fhoghlaim a bhíonn ag na daltaí agus cinntítear go gcuidíonn an scoil, mar SB, le sárú na mbacainní seo. Agus SB á dtabhairt isteach acu, chuir an fhoireann sinsearach bainistíochta ceistneoir faoi bhráid na ndaltaí. Léiríodh leis na freagraí a fuarthas go raibh 28% de dhaltaí ag teacht ar scoil agus ocras orthu agus go raibh sé deacair ag mionlach suntasach de dhaltaí mar gheall ar chúrsaí iompair i gceantair iargúlta teacht ar ghníomhaíochtaí saibhriúcháin i ndiaidh na scoile. Ar a bharr seo, léiríodh nach raibh fáil ag barraíocht daltaí ar áit fhóirsteanach sa bhaile a dtiocfadh leo staidéar a dhéanamh inti, lena n-áirítear rochtain shásúil ar TEC chun obair chúrsa GCSE a chur i gcrích. Sa scoil seo in 2004, ní bhfuair ach 14% de dhaltaí gráid*

	A-C i gcúig ábhar nó níos mó sa GCSE. Tháinig méadú ar an fhigiúr seo go dtí 59% ag fáil grád A*-C i gcúig ábhar nó níos mó ag GCSE in 2009. De bhreis air seo, tá laghdú i ndiaidh teacht ar líon na ndaltaí a cuireadh ar fionraí ó 52 in 2003/4 go dtí 10 in 2008/9. Tá rollachán na scoile i ndiaidh a mhéadaithe ó 298 in 2003/4 go dtí 396 in 2009/10.* *Cuidíonn an club iar-scoile le páistí bacainní roimh an fhoghlaim a shárú. Faigheann na daltaí deis bheith ag súgradh i dtimpeallacht struchtúrtha ag an chlub iar-scoile. Cuireann an club iar-scoile chomh maith le hathnuachan pobail trí iarracht a dhéanamh tacaíocht a thabhairt do na tuismitheoirí sin atá ag iarraidh filleadh ar obair.*
Sa chleachtas nach raibh chomh héifeachtach sin, níl aon dul chun cinn á dhéanamh ó thaobh na gcaighdeán nó na feidhmíochta de do na daltaí. Bíonn deiseanna teoranta ag daltaí dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt scileanna nó dearcaidh. Mar shampla, i scoil amháin bhíothas in ann Cearnmhír Chré-Umha Dhiúc Dhún Éideann a dhéanamh ach ní rabhthas in ann forbairt ar aghaidh chuig cearnmhír an airgid nó thairis ina dhiaidh.	

IARSCRÍBHINN B

Sonraí teagmhála na mBord Oideachais agus Leabharlainne maidir le Scoileanna Seirbhísí Breise.

Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste (BELB)

Teagmháil: Bernie Mooney
Ríomhphost: Bernie.Mooney@belb.co.uk
Teil: 02890 564228

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthar (WELB)

Teagmháil: Bridie Mullin nó Seamus Bradley
Ríomhphost: bridie_mullin@welbni.org nó seamus_bradley@welbni.org
Teil: 02871 861116 nó 02871 382632

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt (NEELB)

Teagmháil: Nigel Freeburn
Ríomhphost:nigel.freeburn@neelb.org.uk
Teil: 02894 482212

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt (SEELB)

Teagmháil: Jim Dunbar
Ríomhphost:Jim.Dunbar@seelb.org.uk
Teil: 02890 566296

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt (SELB)

Teagmháil: Kieran Shields, Caitríona Hughes nó Deirdre Hasson
Ríomhphost: kieran.shields@selb.org, caitriona.hughes@selb.org nó deirdre.hasson@selb.org
Teil: 02837 415381 / 02837 512314 / 02837 512438